

COISTE NA GAEILGE



**Cruinniú Dé Máirt
19 Márta 2013
Seomra an Bhoird,
Teach an Phroipaist
2.00 i.n.**

**Meeting Tuesday
19 March 2013
Boardroom,
Provost's House
2.00pm**

DRÉACHT-MIONTUAIRISCÍ

DRAFT- MINUTES

I láthair: Ball Tofa den Bhord (sa Chathaoir)- Liam Dowling,
Oifigeach na Gaeilge (Rúnaí)- Aonghus Dwane;
Rúnaí an Choláiste (nó ionadaí)- John Coman;
Ionadaí Dámh na nEalaíon, na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta- An Dr Carmel O'Sullivan; Dámh na hInnealtóireachta, na Matamaitice agus na hEolaíochta- An Dr Colm Ó Dunlaing; Roinn na Gaeilge- An Dr Eoin MacCárthaigh; Ionadaí na Comhairle: An Dr Eoin O'Dell; An Déan Sóisearach- An Dr Bridget Kane; Reachtaire an Chumainn Ghaelaigh- Andrew King; Oifigeach Gaeilge Aontas na Mac Léinn- Niamh Ní Chróinín;

Present: Elected Board Member (in the Chair)- Liam Dowling,
Irish Language Officer (Secretary)- Aonghus Dwane,
Secretary to College (or Representative)- John Coman;
Faculty of Arts, Humanities and Social Sciences- Dr Carmel O'Sullivan; Faculty of Engineering, Mathematics and Science- Dr Colm Ó Dunlaing;
Department of Irish-Dr Eoin MacCárthaigh; Council representative: Dr Eoin O'Dell; Junior Dean- Dr Bridget Kane;
Reachtaire of An Cumann Gaelach- Andrew King;
Students Union Irish Language Officer- Niamh Ní Chróinín;

1- Leithscéalta:

Dámh na nEolaíochtaí Sláinte- An Dr Deirdre D'Arcy; Leabharlann- Clíona Ní Shúilleabháin; Aontas na nIarchéimithe- Micheál Pio Hyne; Déan- an tOllamh Joseph Barry (Pro-Déan)

1- Apologies:

Faculty of Health Sciences- Dr Deirdre D'Arcy; Library- Clíona Ní Shúilleabháin; Graduate Students' Union- Micheál Pio Hyne; Dean- an tOllamh Joseph Barry (Pro-Dean)

2- Miontuairiscí

Glacadh le miontuairiscí chruinniú an 8 Samhain 2012.

2- Minutes

The minutes of the meeting of 8 November 2012 were accepted.

3- Ag éirí as na miontuairiscí

Ní raibh aon ní ag éirí as na miontuairiscí.

3- Matters arising

There were no matters arising.

4- An Dara Scéim Teanga

Chuaigh an cruinniú tríd an Dara Scéim Teanga (a bhí dréachtaithe le faomhadh ón nGrúpa Fhorfheidhmithe). Moladh roinnt ceartúcháin agus leasuithe. Léirigh baill den Choiste inní faoin easpa cinnteachta maidir le líon na spásanna a bheadh ar fáil ar Scéim an Champais ó bhliain go bliain agus maidir le teach inaitheanta a bheith ar fail. Iarradh ar an Cathaoirleach an inní sin a léiriú ar an Bord. Ghlac an Coiste leis an Dara Scéim Teanga agus thug cead don Oifigeach Gaeilge aon leasuithe déanacha ar gá a dhéanamh a dhéanamh sdula gcuirfí chuig an Bord é. Bhí leagan “tracked changes” den cháipeis le scaipeadh nuair a bhí na hathruithe sin déanta, díreach mar eolas. Chuir an Coiste an Scéim ar aghaidh chuig an Bord.

5- Tuairisc an Chumann Ghaelaigh

Thug an Reachtaire, Andrew King, cur síos ar imeachtaí an Chumann ó thús na bliana. Tá ciorcal comhrá agus seisiún yóga acu gach seachtain i Seomra na Gaeilge.

Bhí bliain an-mhaith ag an gCumann le himeachtaí ar nós turas chuig an tOireachtas, diopsóireacht I dTeach na dTiarnaí, Cóisir na Nollag, cogadh péinte agus imeachtaí le roinnt cumainn eile. Bhí taifid déanta le Raidió na Gaeltachta agus Raidió na Life. D'eagraigh said fóram aighneachtaí chun cuidiú le dréachtadh na Dara Scéime Teanga. Tháinig ceithre eagrán de Tuathal amach. Tá leabhar aistí le foilsiú-An Scríbhneoir Óg. Ghabh an reachtaire buíochas as an urraíocht a tugadh don Chumann. Rinne an Coiste comhghairdeas leis an reachtaire as an bhliain iontach a bhí ag an gCumann.

Ón tuairisc a chuir Oifigeach na Gaeilge ar fail don chruinniú, ar glacadh leis:

Clár urraíochta don Chumann Gaelach

Tá €1,027.50 íoctha mar urraíocht don Chumann i mbliana go dtí seo, ag clúdu tograí ar nós Tuathal Sheachtain na bhFreshers, Gig san Workman's Club- seachtain na bhFreshers, Draíodóir Paul Gleeson, Pancóga ó Lemon, Postaeir na h Éigse, “Tóg Amach Mé” san Grand Social agus Tuathal na hÉigse.

Fós le híoc

- don Scríbhneoir Óg €289.00
- Ballúin le mana Gaeilge don Bhál Gaelach: suas go €70
- Dráma Gaeilge: suas go €100
- An t-eagrán deireanach de Tuathal: €150 nó €200

4- Second Irish Language Scheme

The meeting considered the Second Language Scheme (which had been drafted with the approval of the Implementation Group). Some amendments were suggested. Some concern was expressed by Coiste members at the uncertainty surrounding the number of places allocated on the campus scheme each year and in regard to an identifiable house being available. The Chairman was asked to convey these concerns to Board. The Coiste endorsed the Second Language Scheme and authorised the Irish Language Officer to make any further changes necessary before circulation to Board. A “tracked changes” version is to be circulated to members for their information. The Coiste commended the Scheme to Board.

5- Report of the Cumann Gaelach

The Cumann Gaelach auditor Andrew King reported on the Cumann's events since the beginning of the year. A conversation circle and yoga session is held each week in Seomra na Gaeilge.

The committee had a very good year with events such as a trip to the Oireachtas, a debate in the House of Lords chamber, a Christmas party, a paintball outing, and events with other societies. Recordings were made with Raidió na Gaeltachta and Raidió na Life. They organised the submissions forum to assist with the drafting of the second language scheme. Four editions of Tuathal were brought out. A book of essays is to be published- An Scríbhneoir Óg.

The auditor expressed appreciation for sponsorship received from the Irish Language Office. The Coiste congratulated the auditor on a successful year for the Cumann.

From the report supplied by the Irish language officer to the meeting, which was taken as read:

Sponsorship Programme for the Cumann Gaelach

€1,027.50 has been paid in sponsorship to the Cumann in the year to date, covering projects such as Tuathal Sheachtain na bhFreshers, Gig san Workman's Club- Seachtain na bhFreshers, Draíodóir Paul Gleeson, Pancóga ó Lemon, Postaeir na h Éigse, “Tóg Amach Mé” in the Grand Social and Tuathal na hÉigse.

Payments to be made

- An Scríbhneoir Óg €289.00
- Balloons with Irish language slogan for Ball: up to €70
- Dráma Gaeilge: up to €100
- Final edition of Tuathal: €150 nó €200

Bíonn comhaontú gearr aon-leathanaigh ag baint le gach togra a fhaigheann urraíocht. Tá Eoin MacCárthaigh agus Aonghus Dwane ar an gCoiste Urriaochta.

Cuireadh in iúl nach mór eolas soiléir a sholáthar i dtaobh aon imeacht ina bhfuil urraíocht ag feastáil- eolas ar fhoinsí eile airgeadais, ioncain srl. Ní mór fianaise ar chaiteachas urraithe a sholáthar- m.sh. bíonn bun-chóip de shonraisc, bhíllí riachtanach.

6- Tuairisc ó Aontas na Mac Léinn

Thug Niamh Ní Chroínín, Oifigeach Gaeilge an Aontais, tuairisc don chruinniú. Reáchtáilo an tAontas comórtas Fusion chun an teanga a chur chun cinn. Bhí r-phost seachtainiúil an Aontais dátheangach. Tá eilimintí dátheangachja á thabhairt isteach i gcomhairle na mac léinn. Tá mír faoin nGaeilge curtha ar shuíomh an Aontais. Tá feidhmchlár (app) á fhorbairt ag an Aontas le Gaeilge air.

Rinne an Coiste comhghairdeas le Niamh.

7- Scéimeanna Cónaithe Gaeilge na Mac Léinn

Tá Seosamh Ó hEirbhín ag feidhmiú mar mheantóir i mbliana. Thus sé tuairisc ag an gcruinniú.

Tá 12 mac léinn rannpháirteach ar Scéim an Champais, agus 18 i nDartraí (12 i mbliain 1 agus 6 i mbliain 2).

Cuireadh neart tograí i gcrích roimh Nollag, ina measc físeán eolais faoi na scéimeanna cónaithe (atá anois ar shuíomh na hoifige), seo tallainne i nDartraí, taispeánt scannáin agus eile.

Tá tograí ar bun faoi láthair don téarma seo, ina measc táirgeadh bliainrise don scéim, turas cultúrtha thart ar an gcathair do mhic leinn idimáisiúnta, tráth na gceist i nDartraí, imeacht d'alumni na scéimeanna agus eile.

Beidh oíche speisialta ann ar an gCéadaoin 3 Aibreán, 6.00-8.00pm le críoch a chur leis an bhliain agus na tograí uile a léiriú. Beidh ceoil á chasadh freisin agus cuirfear sólaistí ar fáil. Tá fáilte mhór roimh gach ball de Choiste na Gaeilge chuig an imeacht seo.

Tá deiseanna forbartha aimsithe maidir le comhoibriú leis an **Oifig um Chaidrimh Dhomhanda (Global Relations)**, ó thaobh ambadaóireacht chultúrtha leis na mic leinn idimáisiúnta, agus táthar ag súil le bualadh leis an oifig sin go luath chun é seo a phlé. Rinne an

A short one page agreement is signed in relation to each project receiving sponsorship. Eoin MacCárthaigh and Aonghus Dwane are the members of the sponsorship committee.

It was stressed that it was necessary to provide clear information in relation to any event receiving sponsorship-information on other sources of funding, income etc. Evidence must be supplied of expenditure being covered by sponsorship e.g. a hard copy of invoice or Bill was essential.

6- Report of Students' Union

Niamh Ní Chróinín, Irish language officer of the Students' Union, gave a report to the meeting. The union organised a competition- Fusion- to promote the language. The weekly e-mail from the Students' Union was bilingual. Bilingual elements had been introduced into the student council. An Irish language section has been placed on the union's website. An app has been developed by the union featuring Irish.

The committee congratulated Niamh.

7- The Irish Language Student Residency Schemes

Seosamh Ó hEirbhín is in the mentor for the residency schemes this year. He gave a report to the meeting. 12 students are taking part in the scheme on campus, and 18 in Trinity Hall, Dartry (12 in first year and six in second year).

A number of projects have been completed before Christmas, including an information video about the residency schemes (which is now on the Irish language office website), a talent show in Dartry, and a film show among other events.

Events are correctly taking place in connection with projects this term, including the production of a yearbook for the scheme, a cultural tour of the city for international students, a table quiz in Dartry and an event for alumni of the residency schemes among other events.

A special evening will take place on Wednesday, 3 April, 6-8pm, to bring the year to a conclusion and to showcase the projects. Music will be played and refreshments made available. All members of Coiste na Gaeilge are invited to this event.

Possibilities for fruitful collaborations with the **Office For Global Relations**, in terms of cultural ambassadorship with the international students, are being explored, and it is hoped to meet with that office in the near future to discuss this. The Coiste congratulated Seosamh on the excellent year in which the schemes have had.

Coiste comhghairdeas le Sheosamh as an bhliain iontach a bhí acu.

8- Seomra na Gaeilge

Tá an-rath ar Sheomra na Gaeilge. Tá slua maith ag baint úsáid as an áis agus bhí thart ar 1,000 cuairt tugtha air idir thus mhí Samhna 2012 agus tús mhí Feabhra i mbliana. Tá an córas maora mac léinn ag feidhmiú go han-mhaith.

9- Tuairisc Airgeadais

Cuireadh siar an tuarascáil airgeadais go dtí an chéad cruinniú eile.

10- Na cúrsaí deonacha Gaeilge

Ón tuairisc a chuir Oifigeach na Gaeilge ar fail don chruinniú, ar glacadh leis:

Tá Conradh na Gaeilge i mbun na gcúrsaí Gaeilge sa Choláiste arís i mbliana. Cuireadh tús le sraith nua cúrsaí 8 seachtaine i mí Eanáir agus chláraigh thart ar 240 duine, idir mhic léinn agus baill foirne, do na cúrsaí sin. Faoi láthair, tá mic léinn ó na scéimeanna cónaithe ag tabhairt cuairt ar cuid de na ranganna le heolas a thabhairt doibh faoi na scéimeanna agus le píosa ceoil a chasadh.

Mar bhreis air sin, tá Micheál W Ó Murchú i mbun dhá rang comhrá in aghaidh na seachtaine). San iomlán, tá 10 rang Gaeilge deonach ar siúl in aghaidh na seachtaine- 8 ag Conradh na Gaeilge agus dhá cheann ag Micheál W Ó Murchú.

Cuirtear na leibhéil seo a leanas ar fáil: A1 (glan-tosaitheoirí), A2 (bréag-thosaitheoirí), B1 (meánleibhéal 1) agus B2 (meánleibhéal 2).

12- Aon ghnó eile

Bhí comharthaí atá i mBéarla amháin le haistriú go Gaeilge roimh an 1 Márta 2013. Tá liosta de chomarthaí tosaíochta curtha ar fail d'Oifig na bhFoirgneamh.

Ón tuairisc a chuir Oifigeach na Gaeilge ar fail don chruinniú, ar glacadh leis:

Seirbhísí custaiméara Gaeilge

An Leabharlann- Cuireadh tús leis na seirbhísí seo sa Leabharlann le linn Sheachtain Éigse na Tríonóide. Tá painéal foirne bunaithe de dhaoine atá in ann na seirbhísí seo a sholáthar. Tá físeán déanta ag mic léinn na scéimeanna cónaithe leis na seirbhísí seo a fhógairt go poiblí.

8- Seomra na Gaeilge

Seomra na Gaeilge has been extremely successful. Numbers using the facility are very satisfactory, and over 1,300 visits have been made between the beginning of November 2012 and mid March this year. The student warden system is working very satisfactorily.

9- Financial Report

The financial report was deferred to the next meeting.

10- Voluntary Irish courses

From the report supplied by the Irish language officer to the meeting, which was taken as read:

Conradh na Gaeilge is supplying the Irish language courses in College again this year. A new series of eight-week courses commenced in January, and over 240 people, including students and staff, registered for these courses. Currently, students from the residency scheme are visiting some of the classes to give information about the schemes, and to play some music.

In addition to these, Micheál W Ó Murchú is taking two conversation classes each week.

In total, 10 voluntary Irish classes are taking place each week- 8 with Conradh na Gaeilge and two with Micheál W Ó Murchú.

The following levels are made available: A1 (complete beginners), A2 (false beginners), B1 (lower intermediate) and B2 (upper intermediate).

12- Any other business

Signs in the English language only on campus were supposed to be replaced by bilingual signage since 1 March 2013. A list of signs for prioritising has been supplied to the Buildings' Office.

From the report supplied by the Irish language officer to the meeting, which was taken as read:

Irish language customer services

The Library-these services were commenced during the week of Éigse na Tríonóide. A panel of staff competent to provide these services has been established. A video has been made by students on the residency schemes to publicly advertise these services.

Automatic bilingual fast lane machines are also

Tá meaisíní uathoibríocha Fastlane dátheangacha ar fáil chomh maith. Is feidir úsáid a bhaint as an Catalóg Chlaisiceach le cuardach a dhéanamh trí Ghaeilge.

Oifig an Phropaist – Is féidir fiosruithe a dhéanamh le hOifig an Phropaist trí dul i teagmháil le hOrlagh Ennis.

An Oifig Fhiosrúchán- Tá Mary McGettrick agus Liz McWilliam san oifig seo *in ann beannú duit trí Ghaeilge* agus cuirfear fáilte roimhe sin.

Ón tuairisc a chuir Oifigeach na Gaeilge ar fail don chruinniú, ar glacadh leis:

An Chéadaoin @ an Bhutrach

Tá an t-imeacht seo ag dul ar aghaidh gach Céadaoin, 10.30-11.30, san Bhutrach. Mic léinn Scéim Dhartraí atá á chomhordú. Tá sé dírithe ar phobal mór na Gaeilge agus ar bhaill foirne, ach go háirithe. Tá ag éirí go han-mhaith leis, agus bíonn slua idir 8 agus 10 i láthair go hiondúil. Ar an gCéadaoin 13 Márta, bhí léiriúchán speisialta d'fhéile Phádraig agus do Sheachtain na Gaeilge, agus é eagraithe ag mic léinn Scéim Dhartraí. Bhí an-rath air agus ba léir go ndeachaigh an ceol i bhfeidhm ar na custaiméirí eile a bhí suite i ngar dúinn. Tá rún againn rud míosúil a dhéanamh den ghné ceoil seo an bhliain seo chugainn.

Ón tuairisc a chuir Oifigeach na Gaeilge ar fail don chruinniú, ar glacadh leis:

Fo-Choiste Imeachtaí Foirne

Bhí cruinniú amháin den ghrupa seo i mí Eanáir. Socraíodh ar Tráth na gCeist a chur ar bun le linn Sheachtain na hÉigse. Bhí trí foirne mac léinn ann, agus dhá fhoireann foirne. Bhí Andrew Mac An Rí mar fhear an tí.

Cuirfear Tuarascáil Bhliantúil don bhliain 2011-2012 ar fáil don chruinniú i mí Bealtaine.

Tionólfar an chéad chruinniú eile de Choiste na Gaeilge i mí Bealtaine 2013.

available. The Classic Catalogue can be used to undertake searches through Irish.

The Provost's Office-enquiries can be made with the Provost's office by contacting Orlagh Ennis.

Enquiries Office-Mary McGettrick and Elizabeth McWilliam in this office are able to greet people in Irish, and this is welcomed.

From the report supplied by the Irish language officer to the meeting, which was taken as read:

Wednesday at the buttery

This event takes place each Wednesday, 10.30-11.30, in the Buttery restaurant. It is coordinated by students on the Dartry residency schemes. It is directed towards the wider Irish language community and to staff, in particular. It is succeeding very well, and between 8 and 10 attend this each week. On Wednesday, 13 March, a special display was held for Saint Patrick's Day and Seachtain na Gaeilge, organised by the students of the Dartry residency scheme. It was very successful and it was evident that the music made an impression on the other customers seated nearby. It is intended to make a monthly event of this musical aspect next year.

From the report supplied by the Irish language officer to the meeting, which was taken as read:

Staff events subcommittee

This group had one meeting in January. It was decided to organise a table quiz during the Éigse festival. Three student teams and two staff teams took part. Andrew King was the questionmaster.

An Annual Report for the year 2011 to 2012 will be made available at the meeting in May.

The next meeting of Coiste na Gaeilge will be held in May 2013.